Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8275/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0086 (NLE)**

**UD 97**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 154 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna Coistí Teicniúla um Luacháil Chustaim agus um Rialacha Tionscnaimh, arna mbunú faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Custaim, maidir le glacadh tuairimí comhairleacha, tráchtaireachtaí, nótaí míniúcháin, cás-staidéar, staidéar agus gníomhartha den sórt sin a bhaineann le hearraí allmhairithe a luacháil chun críoch custaim faoin gComhaontú maidir le hAirteagal VII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 a Chur chun Feidhme, agus maidir le glacadh tuairimí comhairleacha, faisnéise agus comhairle agus gníomhartha den sórt sin maidir le tionscnamh earraí a chinneadh faoin gComhaontú maidir le Rialacha Tionscnaimh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 154 final.

Faoi iamh: COM(2026) 154 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.4.2026
COM(2026) 154 final

2026/0086 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna Coistí Teicniúla um Luacháil Chustaim agus um Rialacha Tionscnaimh, arna mbunú faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Custaim, maidir le glacadh tuairimí comhairleacha, tráchtaireachtaí, nótaí míniúcháin, cás-staidéar, staidéar agus gníomhartha den sórt sin a bhaineann le hearraí allmhairithe a luacháil chun críoch custaim faoin gComhaontú maidir le hAirteagal VII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 a Chur chun Feidhme, agus maidir le glacadh tuairimí comhairleacha, faisnéise agus comhairle agus gníomhartha den sórt sin maidir le tionscnamh earraí a chinneadh faoin gComhaontú maidir le Rialacha Tionscnaimh**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Baineann an togra seo le cinneadh réime lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de na Coistí Teicniúla um Luacháil Chustaim agus um Rialacha Tionscnaimh, arna mbunú faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Custaim, i dtaca le glacadh tuairimí comhairleacha, tráchtaireachtaí, nótaí míniúcháin, cás-staidéar, staidéar, agus gníomhartha den sórt sin a bhaineann le hearraí allmhairithe a luacháil chun críoch custaim faoin gComhaontú maidir le hAirteagal VII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 a Chur chun Feidhme, agus le glacadh tuairimí comhairleacha, faisnéise agus comhairle, agus gníomhartha den sórt sin maidir le tionscnamh earraí a chinneadh faoin gComhaontú maidir le Rialacha Tionscnaimh.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá sé d'aidhm ag an gComhaontú maidir le hAirteagal VII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 a Chur chun Feidhme ('an Comhaontú maidir le Luacháil Chustaim')[1] córas cothrom, aonfhoirmeach agus neodrach a bhunú maidir le hearraí a luacháil chun críoch custaim le haghaidh gach Comhalta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála.

Tá sé d'aidhm ag an gComhaontú maidir le Rialacha Tionscnaimh[2] a áirithiú nach gcruthaítear, leis na rialacha tionscnaimh neamhfhabhair astu féin, bacainní ar thrádáil nach bhfuil gá leo agus tá sé d'aidhm aige rialacha tionscnaimh a chomhchuibhiú ar an leibhéal náisiúnta, seachas na rialacha tionscnaimh a bhaineann le deonú fabhar taraife. Go dtí go mbeidh an clár comhchuibhithe tugtha chun críche, ní mór do na páirtithe conarthacha a áirithiú go bhfuil a rialacha tionscnaimh trédhearcach; nach bhfuil iarmhairtí sriantacha, saofa nó suaiteacha acu ar thrádáil idirnáisiúnta, agus go riartar iad ar bhealach comhsheasmhach, aonfhoirmeach, neamhchlaonta agus réasúnach.

Tháinig an dá chomhaontú i bhfeidhm an 1 Eanáir 1995.

Tá an tAontas Eorpach ina pháirtí sa dá Chomhaontú sin[3].

Baineann an cinneadh réime atá beartaithe leis na gníomhartha seo a leanas arna nglacadh ag an gCoiste Teicniúil um Luacháil Chustaim, a mhéid a bheadh éifeachtaí dlíthiúla acu san Aontas:

<u>Tuairimí comhairleacha arna nglacadh de bhun phointe 2 (a) agus pointe 2 (d) d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Luacháil Chustaim</u>. Le tuairim chomhairleach, tugtar freagra ar cheist a cuireadh maidir leis an gComhaontú maidir le Luacháil Chustaim a chur i bhfeidhm ar thacar sonrach fíricí, bíodh na fíricí sin fíor nó teoiriciúil. Dá bhrí sin, i gcás inarb ionann na fíricí i gcás ar leith agus na fíricí a ndéantar cur síos orthu sa tuairim chomhairleach, tá réiteach soiléir ar fáil lena úsáid ag lucht riaracháin Custaim; i gcásanna nach ionann na fíricí, d'fhéadfadh tuairim chomhairleach, mar sin féin, a bheith ina treoir chun an fhadhb a réiteach.

<u>Tráchtaireachtaí arna nglacadh de bhun phointe 2 (d) d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Luacháil Chustaim</u>. Is éard is tráchtaireacht ann, sraith tuairimí maidir le téacs an Chomhaontaithe maidir le Luacháil Chustaim a bhfuil sé d'aidhm aici cás a

[1] https://www.wto.org/english/docs_e/legal_e/20-val_01_e.htm

[2] http://www.wcoomd.org/-/media/wco/public/global/pdf/topics/origin/overview/wto-agreement.pdf?db=web

[3] Cinneadh 94/800/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 1994, IO L 336/1, 23.12.1994, lgh. 1-2.

shoiléiriú i gcás inar fiú treoraíocht bhreise a thabhairt d'fhorlíonadh ar léamh litriúil an téacs. Cuimsítear samplaí léiriúcháin sna tráchtaireachtaí, i gcás inarb iomchuí. Dá bhrí sin, de ghnáth, le tráchtaireachtaí soláthraítear treoraíocht do lucht riaracháin custaim maidir le cuid shonrach den Chomhaontú maidir le Luacháil Chustaim a chur i bhfeidhm i gcás líon áirithe cúinsí.

Nótaí míniúcháin arna nglacadh de bhun phointe 2 (d) d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Luacháil Chustaim. Le nóta míniúcháin, soiléirítear dearcadh an Choiste Theicniúil maidir le saincheist de chineál ginearálta a eascraíonn as ceann amháin nó níos mó d'fhorálacha an Chomhaontaithe maidir le Luacháil Chustaim. Le nótaí míniúcháin féadtar freisin scrúdú a dhéanamh ar chleachtais thrádála a mhéid a bhaineann siad leis an tsaincheist agus féadtar teacht ar an tátal is gá ina leith. Le tagairt do nóta míniúcháin, tá lucht riaracháin Custaim in ann foráil den Chomhaontú maidir le Luacháil Chustaim a chur i bhfeidhm ar líon éagsúil cásanna trádála a thagann faoi raon feidhme an nóta.

Cás-staidéir arna nglacadh de bhun phointe 2 (b) d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Luacháil Chustaim. Is éard is cás-staidéar ann, léiriú ar thacar fíricí casta atá bunaithe ar fhíor-idirbheart tráchtála ar féidir é a úsáid chun cur i bhfeidhm praiticiúil ceann amháin nó níos mó d'fhorálacha an Chomhaontaithe maidir le Luacháil Chustaim a léiriú.

Staidéir arna nglacadh de bhun phointe 2 (b) d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Luacháil Chustaim. Le staidéar, leagtar amach toradh mionscrúdaithe ar shaincheist, a bhaineann le forálacha an Chomhaontaithe maidir le Luacháil Chustaim, nach gcumhdaítear le haon cheann de na hionstraimí thuas.

Glacann an Coiste Teicniúil um Luacháil Chustaim na tuairimí comhairleacha, tráchtaireachtaí, nótaí míniúcháin, cás-staidéir agus staidéir ar bhonn comhthola, agus cuirtear iad i gceangal leis na tuarascálacha ó sheisiúin an Choiste Theicniúil um Luacháil Chustaim. Thairis sin, cuirtear iad ar fáil don lucht custaim agus don lucht trádála i gCoimre théacsanna an Choiste Theicniúil um Luacháil Chustaim.

Féadfaidh sé go mbainfidh an cinneadh réime leis na gníomhartha seo a leanas arna nglacadh ag an gCoiste Teicniúil um Rialacha Tionscnaimh, a mhéid a bheadh éifeachtaí dlíthiúla acu san Aontas:

Tuairimí comhairleacha arna nglacadh de bhun phointe 1(a) d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Rialacha Tionscnaimh. Ar iarraidh ó bhall de, féadfaidh an Coiste Teicniúil um Rialacha Tionscnaimh scrúdú a dhéanamh ar fhadhbanna teicniúla sonracha a eascraíonn as na rialacha tionscnaimh a riar ó lá go lá agus féadfaidh sé tuairimí comhairleacha a thabhairt ar réitigh iomchuí bunaithe ar na fíricí a chuirfear ina láthair.

Faisnéis agus comhairle de bhun phointe 1(b) d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Rialacha Tionscnaimh. Ar iarraidh ó bhall de, féadfaidh an Coiste Teicniúil um Rialacha Tionscnaimh faisnéis agus comhairle a sholáthar i dtaobh aon ábhar a bhaineann le tionscnamh earraí a chinneadh.

D'fhéadfadh tuairimí comhairleacha, faisnéis agus comhairle arna nglacadh ag an gCoiste Teicniúil um Rialacha Tionscnaimh a bheith ina dtreoracha chun réiteach a fháil ar fhadhbanna nó saincheisteanna teicniúla dá samhail a bhaineann le tionscnamh earraí a chinneadh. Is ar bhonn comhthola a ghlacann an Coiste Teicniúil um Rialacha Tionscnaimh tuairimí comhairleacha, faisnéis agus comhairle.

Roinnt seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag cruinnithe an Choiste Theicniúil um Luacháil Chustaim nó an Choiste Theicniúil um Rialacha Tionscnaimh, agus atá le leagan síos roimh na cruinnithe sin, baineann siad le glacadh na nithe seo a leanas sna Coistí sin:

tuairimí comhairleacha, tráchtaireachtaí, nótaí míniúcháin, cás-staidéir, staidéir agus comhairle, agus gníomhartha den sórt sin, nach gá gur gníomhartha atá ceangailteach ó thaobh an dlí iad ach ar féidir éifeachtaí dlí a bheith acu san Aontas.

Chun seasaimh an Aontais a ghlacadh maidir leis na hionstraimí sonracha sin, beidh gá le comhar dlúth éifeachtúil idir na hinstitiúidí mar gheall ar chineál teicniúil agus méid na saincheisteanna a phléifear sna coistí sin, chomh maith leis an tréimhse ghairid atá ar fáil chun na hábhair atá faoi chaibidil a mheas.

Dá bhrí sin, is chun leas an Aontais na seasaimh sin a leagan síos de réir prionsabail, critéir agus treoshuíomhanna lena rialaítear, faoi seach, luacháil earraí allmhairithe chun críoch custaim agus cinneadh maidir le tionscnamh earraí, agus iad a leagan síos go pras, chun go mbeidh an tAontas in ann a chearta a fheidhmiú sa Choiste Teicniúil um Luacháil Chustaim agus sa Choiste Teicniúil um Rialacha Tionscnaimh.

Chuige sin, tá an Coimisiún á mholadh go nglacfaidh an Chomhairle Cinneadh 'omnibus' i gcomhréir le hAirteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)[4]. Leis an gCinneadh sin, leagfar síos an creat maidir leis na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais sa Choiste Teicniúil um Luacháil Chustaim agus sa Choiste Teicniúil um Rialacha Tionscnaimh a leagan síos in am nuair a iarrtar ar na comhlachtaí sin gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo a ghlacadh.

Chun a áirithiú go mbeidh an Chomhairle in ann, ar bhonn rialta, measúnú a dhéanamh ar an mbeartas atá sa Chinneadh seo agus, i gcás inarb iomchuí, é a athbhreithniú, agus de réir mheon an chomhair dhílis idir institiúidí an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 13(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach[5], ba cheart teorainn ama a chur le bailíocht an Chinnidh 'omnibus' sin ón gComhairle.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Neamhbhainteach

## BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

In Airteagal 218(9) CFAE déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[6].

**Feidhm maidir leis an gcás seo**

Is comhlacht faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Custaim é an Coiste Teicniúil um Luacháil Chustaim, a bunaíodh le comhaontú, eadhon an Comhaontú maidir le hAirteagal VII

[4] An leagan comhdhlúite den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, IO C 326, 26.10.2012, lgh. 47-390.
[5] An leagan comhdhlúite den Chonradh ar an Aontas Eorpach, IO C 326, 26.10.2012, lgh. 13-390.
[6] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 a Chur chun Feidhme (Comhaontú maidir le Luacháil Chustaim). Is comhlacht faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Custaim é an Coiste Teicniúil um Rialacha Tionscnaimh a bunaíodh le comhaontú, eadhon an Comhaontú maidir le Rialacha Tionscnaimh.

Na tuairimí comhairleacha teicniúla, na tráchtaireachtaí, na nótaí míniúcháin, na cás-staidéir, na staidéir, an fhaisnéis agus an chomhairle agus gníomhartha den sórt sin a iarrtar ar an gCoiste Teicniúil um Luacháil Chustaim agus ar an gCoiste Teicniúil um Rialacha Tionscnaimh a ghlacadh, maidir le hearraí allmhairithe a luacháil chun críoch custaim agus, faoi seach, tionscnamh earraí a chinneadh, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, de bhrí go bhféadfadh sé go n-imreoidís tionchar cinntitheach ar ábhar agus ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais, go háirithe, forálacha Chód Custaim an Aontais agus na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme a ghabhann leis a bhaineann le hearraí allmhairithe a luacháil chun críoch custaim agus ábhair a bhaineann le tionscnamh earraí a chinneadh.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

**Bunús dlí substainteach**

**Prionsabail**

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

**Feidhm maidir leis an gcás seo**

Is cásdlí socair é go dtagann gníomh ón Aontas faoin gcomhbheartas tráchtála má bhaineann sé go sonrach le trádáil den sórt sin sa mhéid agus gurb aidhm dó trádáil den sórt sin a chur chun cinn, a éascú nó a rialú agus go bhfuil tionchar díreach agus láithreach aige air. Sainaithnítear agus rialaítear luach earraí chun críocha custaim agus tionscnamh earraí le Cód Custaim an Aontais mar fhachtóirí ar ar a mbonn a chuirtear i bhfeidhm dleacht ar allmhairí agus ar onnmhairí agus bearta eile i ndáil le trádáil in earraí. Is comhaontuithe trádála a bhaineann le trádáil in earraí iad an Comhaontú maidir le Luacháil Chustaim agus an Comhaontú maidir le Rialacha Tionscnaimh, agus is é a dhála sin é freisin maidir le gníomhartha arna nglacadh ag comhlachtaí a bhunaigh siad. Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar na ngníomhartha atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de CFAE an bunús dlí substainteach atá leis an gcinneadh atá beartaithe.

**Conclúid**

Is é an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) ba cheart a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2026/0086 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna Coistí Teicniúla um Luacháil Chustaim agus um Rialacha Tionscnaimh, arna mbunú faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Custaim, maidir le glacadh tuairimí comhairleacha, tráchtaireachtaí, nótaí míniúcháin, cás-staidéar, staidéar agus gníomhartha den sórt sin a bhaineann le hearraí allmhairithe a luacháil chun críoch custaim faoin gComhaontú maidir le hAirteagal VII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 a Chur chun Feidhme, agus maidir le glacadh tuairimí comhairleacha, faisnéise agus comhairle agus gníomhartha den sórt sin maidir le tionscnamh earraí a chinneadh faoin gComhaontú maidir le Rialacha Tionscnaimh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Trí bhíthin Chinneadh 94/800/CE ón gComhairle[7], d'fhormheas an tAontas an Comhaontú maidir le hAirteagal VII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 a Chur chun Feidhme (an Comhaontú maidir le Luacháil Chustaim) agus an Comhaontú maidir le Rialacha Tionscnaimh.

(2) Le hAirteagal 18(2) den Chomhaontú maidir le Luacháil Chustaim bunaítear, faoi choimirce na Comhairle um Chomhar Custaim, Coiste Teicniúil um Luacháil Chustaim, d'fhonn, de bhun phointe 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Luacháil Chustaim, aonfhoirmeacht maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le Luacháil Chustaim a áirithiú ar an leibhéal teicniúil.

(3) De bhun phointe 2(a) d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Luacháil Chustaim, tá an Coiste Teicniúil um Luacháil Chustaim freagrach as scrúdú a dhéanamh ar fhadhbanna teicniúla sonracha a eascraíonn as córas luachála custaim na gComhaltaí a riar ó lá go lá agus tá sé freagrach as tuairimí comhairleacha a thabhairt maidir le réitigh iomchuí bunaithe ar na fíricí a chuirtear ina láthair.

(4) De bhun phointe 2(b) d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Luacháil Chustaim, tá an Coiste Teicniúil um Luacháil Chustaim freagrach as staidéar a dhéanamh, nuair a iarrtar air, ar dhlíthe, nósanna imeachta agus cleachtais luachála a mhéid a bhaineann siad leis an gComhaontú maidir le Luacháil Chustaim agus tá sé freagrach as tuarascálacha a ullmhú maidir le torthaí na staidéar sin.

[7] Cinneadh 94/800/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 1994 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, na gcomhaontuithe a baineadh amach i mBabhta Uragua den chaibidlíocht iltaobhach (1986-1994), a mhéid a bhaineann leis na hábhair laistigh dá inniúlacht féin, IO L 336, 23.12.1994, lch. 1).

(5) De bhun phointe 2(d) d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Luacháil Chustaim, tá an Coiste Teicniúil um Luacháil Chustaim freagrach as faisnéis agus comhairle a sholáthar maidir le haon ábhar a bhaineann le hearraí allmhairithe a luacháil chun críoch custaim arna iarraidh sin d'aon Chomhalta nó don Coiste um Luacháil Chustaim arna bhunú faoi Airteagal 18(1) den Chomhaontú maidir le Luacháil Chustaim. Féadfaidh faisnéis nó comhairle den sórt sin a bheith i bhfoirm tuairimí comhairleacha, tráchtaireachtaí nó nótaí míniúcháin.

(6) Le hAirteagal 4(2) den Chomhaontú maidir le Rialacha Tionscnaimh bunaítear, faoi choimirce na Comhairle um Chomhar Custaim, Coiste Teicniúil um Rialacha Tionscnaimh a dhéanfaidh an obair theicniúil a fhorordaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Rialacha Tionscnaimh.

(7) De bhun phointe 1(a) d'Iarscríbhinn I den Chomhaontú maidir le Rialacha Tionscnaimh, tá an Coiste Teicniúil um Rialacha Tionscnaimh freagrach as scrúdú a dhéanamh ar fhadhbanna teicniúla sonracha a eascraíonn as rialacha tionscnaimh na mBall a riar ó lá go lá agus tá sé freagrach as tuairimí comhairleacha a thabhairt maidir le réitigh iomchuí bunaithe ar na fíricí a chuirtear ina láthair.

(8) De bhun phointe 1(b) d'Iarscríbhinn I den Chomhaontú maidir le Rialacha Tionscnaimh, tá an Coiste Teicniúil um Rialacha Tionscnaimh freagrach as faisnéis agus comhairle a sholáthar i dtaobh aon ábhar a bhaineann le tionscnamh earraí a chinneadh arna iarraidh sin d'aon Chomhalta nó don Choiste um Rialacha Tionscnaimh arna bhunú faoi Airteagal 4(1) den Chomhaontú maidir le Rialacha Tionscnaimh.

(9) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Teicniúil um Luacháil Chustaim, a leagan síos i ndáil le glacadh tuairimí comhairleacha, tráchtaireachtaí, nótaí míniúcháin, cás-staidéar, staidéar agus gníomhartha den sórt sin maidir le haon ábhar a bhaineann le hearraí allmhairithe a luacháil chun críoch custaim, chun aonfhoirmeacht a áirithiú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le Luacháil Chustaim, de bhrí go bhféadfadh gníomhartha den sórt sin tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, go háirithe, Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446[9] ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447[10] ón gCoimisiún a bhaineann le luach custaim earraí agus leis an luach sin a chinneadh.

(10) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Teicniúil um Rialacha Tionscnaimh a leagan síos, i ndáil le glacadh tuairimí comhairleacha, tráchtaireachtaí, faisnéise agus comhairle, agus gníomhartha den sórt sin a bhaineann le tionscnamh earraí a chinneadh, d'fhonn aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le Rialacha Tionscnaimh, de bhrí go bhféadfadh gníomhartha den sórt sin tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, go háirithe, Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, Rialachán Tarmligthe

---

8 Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

9 Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais, (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1).

10 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558)

(AE) 2015/2446 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a bhaineann le tionscnamh earraí agus leis an tionscnamh sin a chinneadh.

(11) Is chun leas an Aontais go leagfaí síos na seasaimh a léirítear thar ceann an Aontais sa Choiste Teicniúil um Luacháil Chustaim de réir prionsabail, critéir agus treoshuíomhanna lena rialaítear luacháil earraí allmhairithe chun críoch custaim, agus na seasaimh a atá le glacadh sa Choiste Teicniúil um Rialacha Tionscnaimh de réir prionsabail, critéir agus treoshuíomhanna lena rialaítear cinneadh tionscnaimh earraí. Is chun leas an Aontais freisin go mbunaítear seasaimh den chineál sin go tapa chun go gceadaítear don Aontas a chearta a fheidhmiú sa Choiste Teicniúil um Luacháil Chustaim agus sa Choiste Teicniúil um Rialacha Tionscnaimh.

(12) I bhfianaise a theicniúla atá ábhair a bhaineann le hearraí allmhairithe a luacháil chun críoch custaim agus a theicniúla atá ábhair a bhaineann le tionscnamh earraí a chinneadh, i bhfianaise líon ard na gceisteanna a phléitear i gcruinnithe an Choiste Theicniúil um Luacháil Chustaim agus an Choiste Theicniúil um Rialacha Tionscnaimh a reáchtáiltear gach bliain, agus i bhfianaise na tréimhse giorra a bhíonn ar fáil chun na doiciméid a eisíonn Rúnaíocht na hEagraíochta Domhanda Custaim agus comhaltaí an Choiste Theicniúil um Luacháil Chustaim nó an Choiste Theicniúil um Rialacha Tionscnaimh a mheasúnú mar ullmhúchán le haghaidh cruinnithe den Choiste Teicniúil um Luacháil Chustaim nó den Choiste Teicniúil um Rialacha Tionscnaimh agus i bhfianaise an ghá a bhíonn ann, dá bhrí sin, an fhaisnéis nua a chuirtear i láthair roimh na cruinnithe sin agus lena linn a chur san áireamh agus aghaidh a thabhairt uirthi go héifeachtach, ba cheart na céimeanna is gá a bhunú, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis idir institiúidí an Aontais mar a chumhdaítear in Airteagal 13(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), chun seasamh an Aontais a shonrú.

(13) Ó tharla gur go déanach, arís agus arís eile, a bhíonn fáil ar na doiciméid oibre roimh chruinnithe den Choiste Teicniúil um Luacháil Chustaim agus den Choiste Teicniúil um Rialacha Tionscnaimh, agus chun cearta agus leasanna an Aontais laistigh de na coistí sin a chaomhnú, ba cheart don Choimisiún a dhícheall a dhéanamh a iarraidh ar Rúnaíocht na hEagraíochta Domhanda Custaim a áirithiú go mbeidh doiciméid oibre ar fáil i gcomhréir le rialacha nós imeachta an Choiste Theicniúil um Luacháil Chustaim agus agus an Choiste Theicniúil um Rialacha Tionscnaimh faoi seach, ionas go seolfar na doiciméid sin 30 lá ar a laghad roimh thús an tseisiúin ábhartha.

(14) Chun a áirithiú go mbeidh an Chomhairle in ann, ar bhonn rialta, measúnú a dhéanamh ar an mbeartas atá sa Chinneadh seo agus, i gcás inarb iomchuí, é a athbhreithniú, agus de réir mheon an chomhair dhílis idir institiúidí an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 13(2) CAE, ba cheart teorainn ama a chur le bailíocht an Chinnidh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Teicniúil um Luacháil Chustaim, arna bhunú faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Custaim, i ndáil le glacadh tuairimí comhairleacha, tráchtaireachtaí, nótaí míniúcháin, cás-staidéar, staidéar agus gníomhartha den sórt sin, a bhaineann le hearraí allmhairithe a luacháil chun críoch custaim faoin gComhaontú maidir le hAirteagal VII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 a Chur chun Feidhme, agus leis na gníomhartha sin a ullmhú, beidh sé bunaithe i gcomhréir leis na prionsabail, critéir agus treoshuíomhanna a leagtar síos i Roinn 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Teicniúil maidir le Rialacha Tionscnaimh, arna bhunú faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Custaim, i ndáil le glacadh tuairimí comhairleacha, faisnéise agus comhairle, agus gníomhartha den sórt sin, a bhaineann le tionscnamh earraí faoin gComhaotú maidir le Rialacha Tionscnaimh, agus leis na gníomhartha sin a ullmhú, beidh sé bunaithe i gcomhréir leis na prionsabail, critéir agus treoshuíomhanna a leagtar síos i Roinn 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal3*

Maidir le sonrú sheasamh an Aontais atá le glacadh faoi Airteagail 1 agus 2, déanfar an sonrú sin i gcomhréir leis an tsonraíocht a leagtar síos i Roinn 2 den Iarscríbhinn.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a ghlacfar é.

Rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2030.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*